

Fáilte

Fáilte romhaibh chuig an gcéad nuachtlitir den bhliain acadúil 2017-2018. Táimid ag súil le bualadh le gach Múinteoir Eolaíochta ar ár gcuid laethanta FGL agus ag na himeachtaí éagsúla a ndéanfaimid freastal orthu i rith na bliana. Arís Is tríd an gcnuas-samhail go príomha a tharlóidh seoladh náisiúnta ár gcuid laethanta FGL i mbliana. Muna freastal tú ar chnuaschruinniú roimhe seo, breathnaigh ar an [bhfiseán](#) seo go bhfeicfidh tú cad é a bhíonn i gceist leo. Téir i dteagmháil linn freisin ar líne, tríd an suíomh gréasáin againn a ndearnadh athnuachan air le déanaí tar éis moltaí ó mhúinteoirí.

Seiceáil

www.jct.ie/

mar a bhfaighidh tú na

[príomhghoiciméid](#) a bheidh ag teastáil uait, sonraí ar roinnt deiseanna agus [imeachtaí atá ag teacht aníos](#), tuairiscí ar [ócáidí FGL](#) go dtí seo agus acmhainní uathu sin, comhairle ar [phleanáil](#) agus ar [mheasúnú](#), agus a lán [acmhainní](#) eile chun cabhrú leat agus tú ag cur i bhfeidhm na sonraíochta nua seo i do sheomra ranga.

An Bhliain Romhainn

Tá teagmháil déanta le scoileanna atá i dteideal clárú i gcomhair Lá 2 den FGL, mar chuid de sholáthar FGL sa dara hábhar i Meán/Deireadh Fómhair. Ina dhiaidh sin, seolfar Lá 3 den FGL ar bhonn náisiúnta, ag tosú i mí na Samhna, leis na scoileanna sin a raibh muid ag plé leo cheana. Táimid ag súil le dul i mbun oibre le gach múinteoir eile eolaíochta sa dara leath den soláthar náisiúnta tar éis na Nollaig. Tá roinnt craoibhe Cumann na Eol-oidí na h-Éireann i comhpáirtíocht leis SSM ag eagrú tús ceardlann madair le Eolaíocht an Sraith Sóisearaigh. Táimid ag súil le beith ag obair leis na craobhacha atá ag planáil na ceardlanna seo.

Cinntigh go mbíonn tú ar an liosta seachadta againn chun sonraí a fháil ar na himeachtaí seo go léir, na deiseanna roghnacha atá le teacht, chomh maith le sonraí ar an gcaoi chun clárú le haghaidh seimineáir ghréasáin agus deiseanna eile rannpháirtíochta.

Mura bhfuair tú féin an nuachtlitir seo uainn trí r-phost cliceáil [anseo](#) le dul ar ár liosta seachadta.

Eolaíocht SSM ar a Camchuart

Bí cinnte go mbuaileann tú isteach linn agus muid ag freastal ar na comhdhálacha éagsúla le linn na bliaina. Bí ag faire amach dúinn ag Teorainneacha Fisice, Chem-Ed., BTYSTE, Ghaeloideachas agus ISTA. Mar is mó a bhímid ag caint faoi Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí is tapúla a thuigimid cén chuma a bheidh ar na hathruithe inár gcuid seomraí ranga.

ETI(E)M sa tSraith Shóisearach

Tá lúcháir ar an SSM an tionscnamh nua seo a fhógairt, is í an fhís atá taobh thiar de -

“Eispéiris shuibhre FGL in ETI(E)M a sholáthar dár gcuid múinteoirí na Sraithe Sóisearaí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr; beidh foráil sa soláthar seo le haghaidh freagraí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin na sochaí i gcomhthéacsanna atá sainiúil don ábhar agus traschuraclaim.”

Chun an fhís sin a fhíorú, táimid ag comhoibriú le soláthraithe neamhfhoirmiúla FGL, chun imeachtaí roghnacha idirdhisciplíneacha FGL don tSraith Shóisearach a dhearadh agus a solathair.



Is ionadaithe ó réimse leathan spéise iad ár gcuid comhpháirtithe, lena n-áirítear caomhnú ainmhithe, taiscéaladh spáis, fuinneamh inbhuanaithe, oideachas forbraíochta, biteicneolaíocht, ceimic, ealaín agus dearadh, gan ach cuid acu lua. I gcomhar lenár gcomhpháirtithe táimid i mbun próisis chun imeachtaí FGL a dhearadh le chéile faoi théamaí áirithe a tharlóidh ag Fómhar/Geimhreadh 2017. Bí cinnte go bhfuil tú cláraithe lenár [liosta seachadta](#) chun na sonraí uile a fháil orthu sin in eagrán speisialta dár nuachtlitir a eiseofar níos déanaí.

Fan i dteagmháil

Cuimhnigh gurb é atá sa SSM tacaíocht ó mhúinteoirí le haghaidh múinteoirí mar sin má bhíonn aon chabhair uait, níl agat ach teagmháil a dhéanamh le info@jct.ie nó ag ár seoltaí pearsanta anseo. Nó lean [@JCTScience](https://www.facebook.com/JCTScience) agus bí lenár 554 leantóirí.

Torthaí Foghlama i bhFócas

Le linn seoladh náisiúnta Lá 2 den FGL, ba mhínic mhúinteoirí ag ceistiú ar féidir acmhainní a roinnt le múinteoirí eile. Rinne muid é sin a fhiosrú agus tá ‘toradh foghlama i bhfócas’ againn le gach nuachtlitir agus spás Padlet cruthaithe thart air acmhainní a mhól **SIBHSE**. Seo duit meabhrúchán ar ár gcéad TF ón nuachtlitir dheiridh againn - [D&S 6](#). Ár mbuíochoas dóibh siúd a chuir ábhar leis an dara Toradh Foghlama i bhFócas - is féidir féachaint ar an Padlet anseo - [DB 5](#). D’fhéadfá an Padlet a úsáid mar “síolfalla” i gcomhair oibre i do scoil féin. Chun treoracha a fháil ar an gcaoi lena roinnt le comhghleacaithe agus conas é a chur in eagar féach an cúinne TFC thíos. Táimid ag tabhairt na dtreoracha sa eagrán seo arís do daoine atá linn don chead uair.

Leanfaimid leis an phróiseas seo thar an gcéad mhí eile. Tugaimid cuireadh duit acmhainní, suíomhanna gréasáin, naisc físe srl. a roinnt linn trí r-phost má cabharaigh siad leat tabhairt faoi an TF i bhfócas. Roghnóimid féin cuid acu ansin a roinnfidh le gach duine mar leathanach Padlet. Coinnigh ort ag spreagadh do chomhghleacaithe cur leis seo mar go gciallaíonn acmhainní a roinnt go mbíonn ionchur ó mhúinteoirí! Is é an chéad TF eile a bheidh againn [DC 9](#). Is sibhse a chinnteoidh go n-oibreoidh sé seo! Seolaigí smaointe ar r-phost chuig donal.olaoire@jct.ie

Cúinne TFC

Anois ó d’fhéach tú ar ár Padlet “síolfalla” le haghaidh D&S6 and DB5, b’fhéidir gur mhaith leat féin agus le do chomhghleacaithe iad a chur in eagar agus cur leo. Is í seo an dóigh:

1. Socraigh cuntas [Padlet](#) saor in aisce.
2. Lean an [nasc](#) chuig ár Padlet agus cliceáil ar “athdhéan” sa chúinne thuas ar dheis.
3. Roghnaigh ‘Roinn’ sa chúinne thuas ar dheis. Athraigh na socrúithe príobháideachta ionas gur féidir le do chomhghleacaithe uile an balla a chur in eagar. Ansin seol an URL ar r-phost chuig do chomhghleacaithe.
4. Tá tú féin agus do chomhghleacaithe ábalta cur le balla an Padlet anois fiú amháin mura mbíonn cuntas acu sin.

Ag súil le oibriú libh go léir arís i mbliana.

**Le dea- mhéin,
Foireann Eolaíochta an SSM**